NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Curaclam Matamaitice na Bunscoile – Ábhar tacaíochta

## Ailgéabar: Patrúin, rialacha agus coibhneasa – Moltaí don teagasc

### MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Naisc thraschuraclaim a úsáid chun taitneamh a bhaint as an gcruthú patrún, m.sh., *tríd an Ealaín, an Ceol agus an Corpoideachas*.
- Aird a dhíriú ar ábharthacht patrún, rialacha agus coibhneas i ngnáthshaol na bpáistí n-áirítear a n-úsáid sa teicneolaíocht agus sa chódú, sa cheol agus sa scéalaíocht, san ealaín agus dearadh, srl.
- An fhoghlaim a scafláil le patrúin iolraíocha trína iarraidh ar pháistí breithniú a dhéanamh ar chéimeanna níos lú sula mbogfaí ar aghaidh chuig céimeanna níos mó, agus tacú leo chun na rialacha a rialaíonn na patrúin seo a oibriú amach.
- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun patrúin a chruthú agus chun iad a thriail i réimse de chomhthéacsanna a bheadh cruthaitheach agus bríoch dóibh féin, m.sh., *seodra a dhearadh agus a dhéanamh nó ceangal agus dathú a dhéanamh ar t-léinte*.

### SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Ábhair nithiúla amhail dúradáin, cruthanna, ciúbanna, licíní, cipíní, pionnachláir, geochláir, srl. a úsáid le linn ceachtanna Matamaitice agus sa saorshúgradh le patrúin.
- Cruthú patrún a chomhtháthú leis an ngluaiseacht, an taibhiú agus an Ealaín.
- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun cluichí bacainne a imirt mar a ndéanfadh páiste amháin cur síos ar phatrún athfhillteach / méadaitheach / laghdaitheach agus é a dhearadh agus ansin an páiste eile é a athchruthú agus an riail nó an coibhneas cuí idir na céimeanna a oibriú amach.
- Na páistí a spreagadh chun cluichí straitéiseacha a imirt a mbeadh rialacha acu a bhaineann le gluaiseacht na bpíosaí i gcoibhneas lena chéile, m.sh., *táiplis, ficheall*.

### TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun cuir chuige chórasacha a úsáid maidir le rialacha ailgéabracha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun patrúin a mhéadú agus a laghdú, m.sh., *trí tháblaí, léaráidí srl.*
- Gníomhaíochtaí sínte a chur ar fáil d'fhonn an dúshlán iomchuí a sholáthar do pháistí, m.sh., *cur síos a dhéanamh ar riail chun líon na ndaoine a bheadh ag taisteal ar bhus a oibriú amach má tá tiománaí amháin le bheith ann móide múinteoir amháin in aghaidh gach triúr páistí, agus úsáid an riail seo le líon na múinteoirí/páistí a oibriú amach ar bhus ar a mbeadh X duine*.
- Bogadh lastall den riail athchúrsach i dtreo riail níos ginearálaithe trí bhreithniú a dhéanamh ar théarmaí arda, m.sh., *cur síos a dhéanamh ar an 900ú téarma / 72ú céim sa phatrún*.
- Fadhbanna oscailte a chur os comhair páistí lena dtacófaí leo patrúin a chruthú, m.sh., *tá gairdín cúil á dhearadh agam. Ba mhaith leis an úinéir 6 cheapach a bheith aige agus 3 lus na gréine agus 3 thiúilip i ngach ceann acu. Má úsáideann tú patrún athfhillteach, cá mhéad rogha deartha éagsúla atá ann?*

### BÉIM A CHUR AR SHAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Ábhair nithiúla a úsáid (cruthanna, ciúib, licíní, cipíní, slata Cuisenaire srl.) chun patrúin athfhillteacha, mhéadaitheacha agus laghdaitheacha a léiriú agus a shamhaltú d'fhonn tacú, ina dhiaidh sin, le rialacha ginearálaithe a scríobh.
- Léaráidí, graif agus táblaí a úsáid chun nóisean teibí na feidhme a aistriú ina léiriú físeach agus chun faisnéis a chur in ord go córasach.
- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun patrúin a shamhaltú, agus chun cur síos a dhéanamh ar na rialacha agus ar na coibhneasa iomchuí, ag úsáid ábhair nithiúla, pictiúir agus siombailí, focail, an focal labhartha, srl.
- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun iniúchadh a dhéanamh ar rialacha na n-innéacsanna, na bhfréamhacha cearnacha, na n-airíonna cómhalartacha agus dáileacha, srl. trí ghraif, léaráidí, táblaí, ábhair nithiúla nó láimhseoga digiteacha a úsáid.

### MATA-CHAINT A CHUR CHUN CINN

- Comhphlé a éascú chun tacú le páistí ginearálú a dhéanamh agus é seo a mhíniú agus a chosaint, agus, ina dhiaidh sin, an riail ailgéabrach a chur ina luí ar dhaoine eile, m.sh., *conas a d'oibrigh tú é sin amach? Cad a d'fhan mar an gcéanna? Cad a d'athraigh?*
- Agus na páistí ag oibriú ina mbeirteanna, a chuimhneamh gur gá am a chur ar fáil dóibh chun smaoineamh ar bhonn aonair ar dtús le gur féidir leo cruth a chur ar a gcuid smaointe féin, rud a éascóidh plé níos fiúntaí agus réasúnaíocht níos stóinsithe lena n-argóint.
- Breathnú ar phatrúin sa saol nádúrtha chun smaointeoireacht agus réasúnaíocht a chur chun cinn i measc na bpáistí.
- Ceisteanna a chur agus tacú le páistí chun ceisteanna a chur lena dtreorófar iad chun teacht ar rialacha matamaiticiúla m.sh., *an dtugann tú aon phatrúin faoi deara sa liosta seo de ré-uimhreacha? Cén chaoi ar féidir linn cur síos a dhéanamh ar an riail seo? Conas a d'fhéadfaimis an riail seo a úsáid ar scoil/sa bhaile?*

Arna fhorbairt i gcomhar le **Kathleen Byrne, Múinteoir Bunscoile, Co. Chill Mhantáin**